

5. CÁIPÉISÍ LE hINIAMH:

Caithfear na cáipéisí seo a leanas a iniamh i dtaca leis an éileamh:

(Cuir tic sa bhosca/sna boscaí cuí)

- (i) bunleagan den iontráil chustaim (i gcás struchtúir a iompórtáladh),
- (ii) bunleagan den sonrasc CBL (i gcás struchtúir a ceannaíodh laistigh den Stát),
- (iii) deimhniú ó Údarás Áitiúil a chuireann in iúl go bhfuil an struchtúr rátáilte nó go bhfuil sé le rátáil de réir na nAchtanna Luachála.

NÓTAÍ: (1) Nuair is Údarás Áitiúil é an t-éilitheoir, níl feidhm ag alt 4(a)(i) ná ag alt 5(ii) ach caithfidh an t-éileamh a bheith sínithe ag Rúnaí an Údaráis.

(2) Seoltar éilimh, i dteannta na gcáipéisí riachtanacha uile, chuig:

Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim,
Rannan an Ard-Bhailitheora,
An Rannóg um Aisiocaíochtaí CBL Neamhchláraithe,
Teach an tSáirséalaigh,
Sráid Phroinsias,
Luimneach,
V94 R972.

Teileafón: +353 1 738 3667

Is mar threoir amháin a thugtar an t-eolas sa doiciméad seo agus ní comhairle ghairmiúil í, ná comhairle dlí. Níor chóir glacadh leis go bhfuil an treoir cuimsitheach ná go dtugatar freagra críochnaitheach ann ar gach cás.

RABHADH: Gearrfar pionóis ar aon duine a dhéanann ráitis bhréagacha go feasach chun críche aisíoc CBL a fháil (Alt 27, an tAcht Cánach Breisluacha 1972).

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe Custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear é seo le dlí. Tá polasaí cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim agus eolas ar do chearta cosanta sonraí le fáil ar www.revenue.ie.